Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2022
(OR. en)

7230/22
PV CONS 14
SOC 157
EMPL 100
SAN 157
CONSOM 61

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

14 Márta 2022

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ..... 3

**Plé reachtach**

3. Treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara ..... 3

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. An tIdirdhealú san earcaíocht a chomhrac agus an éagsúlacht i saol na hoibre a chur chun cinn: uirlisí agus taithí ..... 3

5. An Seimeastar Eorpach ..... 4
   a) Conclúidí maidir le Straitéis Bhliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht
   b) Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2022

6. Rannpháirtíocht iomlán na ndaoine scothaosta i margadh an tsaothair a chothú ..... 4

7. Conclúidí maidir leis an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach ..... 4

**Aon ghnó eile**

8. a) An staid san Úcráin ..... 5
   b) Tuarascáil bhliantúil maidir leis an gcomhionannas idir fir agus mná ..... 5
   c) Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas a chur chun feidhme 5
   d) Plean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta – spriocanna náisiúnta um an bhfostaíocht,
   scileanna agus laghdú bochtaineachta ..... 5
   e) An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ..... 5
   f) Teachtaireacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta chun geilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta a fhorbairt ..... 6
   g) An Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach ..... 6
   h) Cláir oibre 2022 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta ..... 6

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 7


***

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6926/1/22 REV 1.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 6927/22 + ADD 1

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 6927/22 + ADD 1, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara** ❶C 6468/22 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 6468/22 é agus chomhaontaigh sí sainordú a thabhairt don Uachtaránacht caibidlíocht a sheoladh le Parlaimint na hEorpa ar an mbonn sin.

Leagtar amach ráitis na hUngáire agus na Polainne san Iarscríbhinn a ghabhann leis namiontuairiscí seo.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. **An tIdirdhealú san earcaíocht a chomhrac agus an éagsúlacht i saol na hoibre a chur chun cinn: uirlisí agus taithí** 2 6722/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle dar teideal 'An t-idirdhealú san earcaíocht a chomhrac agus an éagsúlacht i saol na hoibre a chur chun cinn: uirlisí agus taithí' bunaithe ar nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 6722/22.

5. **Seimeastar Eorpach 2022** ⧠

a) **Conclúidí maidir le Straitéis Bhliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht** 6473/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le Straitéis Bhliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht mar a leagtar amach in 6473/22.

b) **Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2022** Ⓒ 6188/22
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2022, mar a leagtar amach in 6188/22 í

6. **Rannpháirtíocht iomlán na ndaoine scothaosta i margadh an tsaothair a chothú** ⧠ 6463/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle dar teideal 'Rannpháirtíocht iomlán na ndaoine scothaosta i margadh an tsaothair a chothú' bunaithe ar nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 6463/22.

7. **Conclúidí maidir leis an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil leis an dífhostaíocht fhadtéarmach** ⧠ 6575/1/22 REV 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir leis an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil leis an dífhostaíocht fhadtéarmach, mar a leagtar amach in 6575/1/22 REV 1 iad.

**Aon ghnó eile**

8. a) **An staid san Úcráin** 7064/22

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir leis an staid san Úcráin, ar bhonn 7064/22.

b) **Tuarascáil bhliantúil maidir leis an gcomhionannas idir fir agus mná**

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an tuarascáil bhliantúil maidir leis an gcomhionannas idir mná agus fir.

c) **Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas a chur chun feidhme**

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas.

d) **Plean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta – spriocanna náisiúnta um an bhfostaíocht, scileanna agus laghdú bochtaineachta**

*Faisnéis ón gCoimisiún maidir le staid na himeartha*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir le spriocanna náisiúnta don fhostaíocht, do scileanna agus do laghdú na bochtaineachta i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

e) **An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí.

**f)** **Teachtaireacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta chun geilleagar dlúthpháirtíochta sóisialta a fhorbairt** [2] 14890/21

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar a phlean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta mar a leagtar amach in 14890/21 é.

**g)** **An Cruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach** [2]

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún maidir leis an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Trípháirteach, a bheidh ar siúl an 23 Márta.

**h)** **Cláir oibre 2022 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta** [2] 6425/22 6416/22

*Faisnéis ó na cathaoirligh faoi seach*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta maidir le cláir oibre na gcoistí faoi seach do 2022, ar bhonn 6425/22 agus 6416/22.

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Ar bhonn togra ón gCoimisiún

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 6926/1/22 REV 1</u>**

<u>Aguisín 'B' mír 3</u>: **Treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin, agus bearta gaolmhara**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Measann an Ungáir gur den ríthábhacht iad tionscnaimh chun comhdheiseanna agus cóir chomhionann idir mná agus fir a chur chun cinn, agus tacaímid i gcoitinne, dá bhrí sin, leis an aidhm atá leis an treoir atá beartaithe rannpháirtíocht na mban a neartú ar gach leibhéal den chinnteoireacht, lena n-áirítear sa réimse eacnamaíoch. Le linn na caibidlíochta, cuireadh feabhas suntasach ar an téacs, ach ní thugtar aghaidh go sásúil ar na hábhair imní a chuireamar in iúl roimhe seo i dtaca le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus ar an ngá atá le dlíthe éagsúla cuideachta agus corparáideacha Bhallstáit an Aontais a chur san áireamh go hiomchuí.

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Ungáir an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, léirmhíneoidh an Ungáir an cor cainte 'cothromaíocht inscne' mar chothromaíocht idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Ungáir an téarma sin mar 'ghnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19 mír 1 agus Airteagal 157 míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025] dá dtagraítear sa treoir a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

‘Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte ‘comhionannas inscne’ mar chomhionannas idir mná agus fir agus an cor cainte ‘cothromaíocht inscne’ mar chothromaíocht idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma ‘inscne’, léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar ‘gnéas’ i gcomhréir le hAirteagail 10, 19(1) agus 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.’